AN CISTE COMHTHÁTHAITHE

Cuireann an Ciste Comhtháthaithe, a bunaíodh in 1994, maoiniú ar fáil do thionscadail chomhshaoil agus do thionscadail an ghréasáin iompair thras-Eorpaigh. Ní fhéadfaidh ach na Ballstáit ag a bhfuil ollioncam náisiúnta *per capita* atá níos lú ná 90% de mheán AE an Ciste Comhtháthaithe a fháil.

BUNÚS DLÍ

Airteagal 177 (go háirithe an dara mír de) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

CUSPÓIRÍ

Bunaíodh an Ciste Comhtháthaithe chun comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais Eorpaigh a neartú ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn. Don chlárthréimhse 2014-2020 tacaíonn sé leis an méid seo a leanas:

— Infheistíocht sa chomhshaol, lena n-áirítear réimsí a bhaineann le forbairt inbhuanaithe agus fuinneamh ina léirítear tairbhí don chomhshaol;

— Gréasáin thras-Eorpacha i réimse an bhonneagair taistil (TEN-T);

— Cúnamh teicniúil.

I gcomhthéacs na dtionscadal a bhaineann le cuspóirí an Aontais chun an comhshaol a chosaint, féadfaidh an Ciste Comhtháthaithe cur le réimsí a bhaineann le forbairt inbhuanaithe freisin, amhail éifeachtúlacht fuinnimh, fuinneamh in-athnuaite agus — san earnáil iompair lasmuigh de na gréasáin thras-Eorpacha — iompar iarnróid, iompar uiscebhealaí intíre, muiriompar, córais iompair idirmhódúil agus a n-inoibritheacht, bainistiú ar thrácht ar bhóithre, ar mhuirthrácht, agus ar aerthrácht, iompar uirbeach glan agus iompar poiblí.

Ó 2014 i leith, tá an Ciste Comhtháthaithe ag cur tacaíocht— ar fiú EUR 11.3 billiún í — ar fáil do thionscadail bonneagair iompair ag a bhfuil breisluach Eorpach leo faoin tSaoráid nua um Chónascadh na hEorpa (SCE)[1].

[1]Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 680/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 67/2010.

TÍORTHA INCHÁILITHE

Ní fhéadfaidh ach na Ballstáit ag a bhfuil ollioncam náisiúnta (OIN) *per capita* atá níos lú ná 90% de mheán AE an Ciste Comhtháthaithe a fháil. Le linn na clárthréimhse 2014-2020, tá an Ciste Comhtháthaithe ag cur maoiniú ar fáil do 15 Bhallstát: an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, an Eastóin, an Ghréig, an Laitvia, an Liotuáin, Málta, an Phortaingéil, an Pholainn, an Rómáin, an tSeicia, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Ungáir.

AN BUISÉAD AGUS RIALACHA AIRGEADAIS

Don chlárthréimhse 2014-2020, tá AE ag leithdháileadh EUR 63.4 billiún ar an gCiste Comhtháthaithe (gan aistrithe go dtí an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa a áireamh), agus is féidir gurb ionann méid an mhaoiniúcháin ón gCiste Comhtháthaithe agus suas le 85% de chostas tionscadail.

Leithdháiltí na gCistí Struchtúracha in aghaidh
an Bhallstáit don chlárthréimhse 2014-2020

An Ballstát	Buiséad (in EUR milliún)
An Bhulgáir	2 278.3
An tSeicia	6 258.9
An Eastóin	1 073.3
An Ghréig	3 240.5
An Chróit	2 559.5
An Chipir	288.9*
An Laitvia	1 349.4
An Liotuáin	2 048.9
An Ungáir	6 025.4
Málta	217.7
An Pholainn	23 207.9
An Phortaingéil	2 861.7
An Rómáin	6 934.9
An tSlóivéin	895.3
An tSlóvaic	4 168.2
Iomlán	63 390

** Lena n-áirítear méid breise de EUR 19.4 milliún a leithdháileadh ar an gCipir agus a tháinig as athbhreithniú ar incháilitheacht an Chiste Comhtháthaithe do 2017-2020.*

Foinse: Tairseach sonraí oscailte CSIE an Choimisiúin Eorpaigh, Aibreán 2017.

TOGRA LE HAGHAIDH BEARTAS COMHTHÁTHAITHE DE CHUID AE TAR ÉIS 2020

I mí na Bealtaine 2018, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a chuid moltaí le haghaidh bheartas comhtháthaithe AE tar éis 2020. Ina measc bhí rialachán maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus maidir leis an gCiste Comhtháthaithe.

Leanfar leis an tacaíocht a thugtar faoin gCiste Comhtháthaithe do thionscadail faoi sprioc ‘na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis’.

Coinnítear an díriú téamach sa togra seo freisin. Tabharfar tacaíocht faoin gCiste Comhtháthaithe do dhá chuspóir shonracha: geilleagar ísealcharbóin ciorclach níos glaise (Cuspóir Beartais (PO) 2); agus Eoraip níos nasctha (PO3). Mhol an Coimisiún liosta de na gníomhaíochtaí nach dtabharfaí tacaíocht dóibh faoi CFRE agus faoin gCiste Comhtháthaithe, lena n-áirítear tacaíocht dhíreach do mhórfhiontair, do bhonneagar aerfoirt (seachas sna réigiúin is forimeallaí) agus roinnt oibríochtaí bainistithe dramhaíola (e.g. líonadh talún).

I mí Iúil 2020, tháinig an Chomhairle Eorpach ar chomhaontú maidir le buiséad fadtéarmach AE don tréimhse 2021-2027. Sa seasamh uaithi, mhol an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí EUR 42.6 billiún a leithdháileadh ar an gCiste Comhtháthaithe, aistriú EUR 10 billiún go dtí an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa san áireamh. Faoin gCiste Comhtháthaithe don tréimhse tar éis 2020, maoineofar tionscadail sna 15 Bhallstát chéanna is a maoiníodh sa chlárthréimhse 2014-2020.

Tá an togra ón gCoimisiún faoi réir an ghnáthnós imeachta reachtaigh, ina bhfuil Parlaimint na hEorpa ar comhchéim leis an gComhairle. Ciallaíonn sé sin go mbeidh ar an dá institiúid sin teacht ar chomhthoil roimh dheireadh 2020 maidir leis na rialacha i ndáil leis an gCiste Comhtháthaithe. I mí an Mhárta 2019, thug an Pharlaimint a céad léamh chun críche.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Bhí Rialachán an Chiste Comhtháthaithe don tréimhse 2014-2020 faoi réir an ghnáthnós imeachta reachtaigh, ina raibh cearta iomlána ag an bParlaimint leasuithe a mholadh. Chuir sé sin ar chumas na Parlaiminte na rialacha molta a dhéanamh níos solúbtha agus níos oiriúnaí do riachtanais na mBallstát; bhíothas in ann raon feidhme infheistíochtaí an Chiste Comhtháthaithe a leathnú freisin dá bharr chun infheistíocht san éifeachtúlacht fuinnimh agus in úsáid fuinnimh in-athnuaite a chur san áireamh, go háirithe san earnáil tithíochta.

Thacaigh an Pharlaimint leis an smaoineamh go dtabharfaí táscairí coiteanna isteach don Chiste Comhtháthaithe, rud a d’éascódh measúnú ar a úsáid. D’éirigh léi a chur in iúl, murab ionann agus an togra ón gCoimisiún, gur cheart go bhféadfaí liosta na dtáscairí sin a leasú faoin rialachán, trí ghníomhartha tarmligthe, i gcás ina meastar go bhfuil gá le coigeartuithe chun measúnú éifeachtach ar dhul chun cinn a áirithiú maidir lena chur chun feidhme.

Tar éis an athbhreithnithe meántéarma ar chreat ilbhliantúil airgeadais 2014-2020, a bhí ag gabháil le pacáiste tograí reachtacha, níl aon athruithe suntasacha déanta ar an gCiste Comhtháthaithe.

Marek Kołodziejski
08/2020